2024/917

25.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/917 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/92 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe maidir le dramhaíl a iasctar go héighníomhach

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(7), an dara fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/92 ón gCoimisiún ([2]) ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar shonraí maidir le toirt agus mais na dramhaíola a iasctar go héighníomhach gach bliain féilire.

(3) I mBallstáit áirithe, cuireadh scéimeanna ar bun chun maoiniú malartach a chur ar fáil do na costais a bhaineann le dramhaíl ó threalamh iascaireachta nó dramhaíl a iasctar go héighníomhach i dtír a bhailiú agus a bhainistiú. Is leor sonraí maidir le dramhaíl a iasctar go héighníomhach a thuairisciú uair amháin gach 2 bhliain chun faireachán a dhéanamh an bhfuil na scéimeanna sin éifeachtach agus chun faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a gcabhraíonn soithí iascaireachta le héilliú dramhaíola na muirthimpeallachta a laghdú san fhadtéarma. Dá bhrí sin, ba cheart an ceanglas sin a shimpliú, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030' ([3]). Ba cheart é a bheith de cheangal ar na Ballstáit, amach anseo, tuarascáil a chur ar fáil ar feadh tréimhsí 2 bhliain féilire ina ionad sin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/92 a leasú dá réir sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/92:

'*Airteagal 4*

Ón 1 Eanáir 2024, tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis le haghaidh tréimhsí 2 bhliain féilire. Soláthrófar na tuarascálacha go leictreonach laistigh de 12 mhí ó dheireadh an dara bliain a mbailíodh iad lena haghaidh. Cuirfear an chéad tuarascáil isteach faoin 31 Nollaig 2026 ar a dhéanaí'.

([1]) IO L 151, 7.6.2019, lch. 116.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/92 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2022 lena leagtar síos rialacha chun Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le modheolaíochtaí sonraí faireacháin agus leis an bhformáid ina dtuairiscítear dramhaíl a iasctar go héighníomhach (IO L 15, 24.1.2022, lch. 16).
([3]) COM(2023)168.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN